



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Meán Fómhair 2023  
(OR. en)

10942/23

---

**Comhad Idirinstiúideach:  
2023/0181 (NLE)**

---

ACP 66  
WTO 94  
RELEX 764  
COAFR 212  
FDI 14

### **GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

---

Ábhar: CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla

---

**CINNEADH (AE) 2023/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh,  
an Chomhaontaithe um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú  
idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4),  
an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa<sup>1</sup>,

---

<sup>1</sup> IO C ..., ..., lch. .... / Toiliú an ... (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2023/...<sup>1</sup>ón gComhairle, síníodh an Comhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla ('an Comhaontú') an ...<sup>++</sup>, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta is déanaí.
- (2) Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo, i gcomhréir le hAirteagal 55 de, mar ní a thugann cearta do dhaoine nó a fhorchuireann oibleagáidí ar dhaoine, laistigh den Aontas, seachas iad siúd arna gcruthú idir na Páirtithe faoin dlí idirnáisiúnta phoiblí.
- (3) Ba cheart an Comhaontú a fhorfheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

<sup>1</sup> Cinneadh (AE) 2023/... ón gComhairle an ... maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla (IO L ..., ..., lch. ...).

<sup>+</sup> IO: cuir isteach sa téacs le do thoil sraithuimhir an Chinnidh ón gComhairle atá in ST 10940/23 agus líon isteach an fonóta comhfhreagrach.

<sup>++</sup> IO: cuir isteach sa téacs le do thoil dáta sínithe an Chomhaontaithe atá in ST 10941/23.

### *Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Comhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla ('an Comhaontú')<sup>1+</sup> a fhorfhormheas thar ceann an Aontais.

### *Airteagal 2*

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 57(2) den Chomhaontú<sup>2</sup>.

### *Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

---

<sup>1</sup> Foilsítear téacs an Chomhaontuithe in ... [cuir isteach tagairt don IO].

<sup>+</sup> Toiscaireachtaí/IO: féach doicméad ST 10941/23.

<sup>2</sup> Foilseofar dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ag Ardrúnaíocht na Comhairle.